**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1411 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Iúil 2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le méid tháille údaraithe taistil an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear méid na táille atá le híoc ag iarratasóirí ar údarú taistil de chuid an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2018/1240. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2511 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear sásraí lena ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá an táille sin a choigeartú.

(2) I gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2511, shainaithin an Coimisiún roinnt tosca ar dócha go mbeidh méadú mór nó leanúnach ar chostais oibriúcháin agus chothabhála chóras ETIAS mar thoradh orthu, agus go mbeidh méadú níos airde ar na costais sin ná mar a bhí coinne leis tráth a glacadh Rialachán (AE) 2018/1240. Ar an gcéad dul síos, tháinig méadú 30,12 % ar an ráta boilscithe carnach san Aontas ó bhí 2016 ann. Ar an dara dul síos, tá méadú mór tagtha ar an líon taistealaithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a thagann isteach san Aontas le blianta beaga anuas agus meastar go leanfaidh sé de bheith ag méadú go luath amach anseo. Ar deireadh, cuireadh feidhmiúlachtaí breise ETIAS chun feidhme maidir le feidhmiú ETIAS, nach raibh coinne leo nuair a glacadh Rialachán (AE) 2018/1240.

(3) Is gá táille údaraithe taistil ETIAS a ailíniú le táillí údaraithe taistil na gcóras inchomparáide chun paireacht iomaíoch agus cothrom iomaíochta le cláir údaraithe taistil eile ar fud an domhain a áirithiú.

(4) Is gá, dá bhrí sin, táille údaraithe taistil ETIAS a mhéadú.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/1240 a leasú dá réir sin.

(6) Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([4]).

(7) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1240 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoina cinneadh Rialachán (AE) 2018/1240 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Danmhairg faoi cheangal ag an Rialachán seo.

([1]) IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2511 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le méaduithe ar chostais oibriúcháin agus chothabhála an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a shainaithint chun méid na táille údaraithe taistil a athrú (IO L, 2024/2511, 25.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2511/oj).

([3]) Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/38/oj).

([4]) IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2019(3)/oj.

(8) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([5]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* ([6]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([7]).

(10) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ([8]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([9]).

(11) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ([10]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([11]).

(12) Is é atá sa Rialachán seo gníomh lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó a bhfuil baint ar shlí eile aige leis de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1240, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Íocfaidh an t-iarratasóir táille údaraithe taistil EUR 20 i gcás gach iarratais.'.

([5]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).

([6]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj.

([7]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj).

([8]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2008/178(1)/oj.

([9]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj).

([10]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2011/350/oj.

([11]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, i dtaca le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN